C/2026/714

9.2.2026

Achoimre ar Chinneadh ón gCoimisiún

an 18 Iúil 2025

a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 54 de Chomhaontú LEE

(Cás AT.40728 — CORNING)

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad uimhir C(2025) 4743 final)

(Is é an leagan Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/714)

An 18 Iúil 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh a bhaineann le himeacht faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 54 de Chomhaontú LEE. I gcomhréir le forálacha Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle [1]*, tá an Coimisiún ag foilsiú, leis seo, ainmneacha na bpáirtithe agus phríomhábhar an chinnidh, lena n-áirítear aon phionós a fhorchuirtear, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.*

1. **RÉAMHRÁ**

(1) Leis an gCinneadh seo, déantar ceangailteach ó thaobh dlí de na gealltanais a thairgeann Corning Inc. ('Corning') faoi Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle in imeacht faoi Airteagal 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('an Conradh') agus faoi Airteagal 54 de Chomhaontú LEE.

2. **NÓS IMEACHTA**

(2) An 6 Samhain 2024, thionscain an Coimisiún imeachtaí d'fhonn cinneadh a ghlacadh faoi Chaibidil III de Rialachán Uimh. 1/2003 agus ghlac sé réamh-mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 9(1) den Rialachán sin (an 'Réamh-mheasúnú'), ina leagtar amach réamhábhair imní an Choimisiúin maidir le hiomaíocht.

(3) Níor aontaigh Corning le Réamh-mheasúnú agus torthaí an Choimisiúin. Mar sin féin, an 13 Samhain 2024, chuir Corning dréachtghealltanais (na 'Gealltanais Tosaigh') faoi bhráid an Choimisiúin mar fhreagairt ar an Réamh-Mheasúnú.

(4) An 29 Samhain 2024, foilsíodh fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* de bhun Airteagal 27(4) de Rialachán 1/2003, fógra inar tugadh achoimre ar an gcás agus ar na Gealltanais Tosaigh agus inar iarraidh ar thríú páirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis na Gealltanais Tosaigh a thabhairt go dtí an 13 Eanáir 2025.

(5) An 7 Márta 2025, chuir an Coimisiún Corning ar an eolas maidir leis na barúlacha a fuarthas ó thríú pháirtithe leasmhara tar éis fhoilsiú an fhógra. An 11 Meitheamh 2025, chuir Corning isteach togra leasaithe le haghaidh gealltanas ('na Gealltanais Deiridh').

(6) An 30 Meitheamh 2025, chuathas i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chleachtais Shriantacha agus Riochtaí Ceannasacha agus d'eisigh sé tuairim fhabhrach.

(7) An 2 Iúil 2025, d'eisigh an tOifigeach Éisteachta an tuarascáil chríochnaitheach uaidh.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh (IO L 1, 4.1.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1/oj) (dá ngairtear 'Rialachán Uimh. 1/2003' anseo feasta).

3. ÁBHAIR IMNÍ AN CHOIMISIÚIN MAIDIR LE hIOMAÍOCHT

(8) Sa Réamh-mheasúnú, chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air go bhféadfadh sé go raibh ceannasacht ag Corning ar an margadh domhanda maidir le gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach a sholáthar, cineál speisialta gloine a úsáidtear go príomha mar ghloine chumhdaigh i bhfóin chliste agus i ngairis leictreonacha láimhe eile. Chinn sé freisin nach cuid den mhargadh sin iad táirgí a d'fhorbair Corning do Apple Inc. ('Apple'), toisc go bhfuil comhdhéanaimh speisialta ag na táirgí sin agus is é Apple amháin a úsáideann iad.

(9) Thairis sin, chinn an Coimisiún roimh ré go bhféadfadh sé gur bhain Corning mí-úsáid as a cheannasacht sa mhargadh le haghaidh gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach de shárú ar Airteagal 102 den Chonradh trí chomhaontuithe eisiacha a thabhairt i gcrích le monaróirí (monaróirí buntrealaimh nó 'OEManna') gairis leictreonacha láimhe agus le cuideachtaí a phróiseálann gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach amh ('críochnaitheoirí').

(10) Maidir leis na comhaontuithe le OEManna, ba é réamhthuairim an Choimisiúin go ndearna Corning comhaontuithe ina raibh (1) oibleagáidí foinsithe eisiacha lena gceanglaítear ar OEManna a n-éileamh uile, nó geall leis, ar ghloine d'alúmanaisileacáit alcaileach a fhoinsiú ó Corning, (2) lacáistí eisiachais, i.e. lacáistí a dheonaítear do OEManna ar choinníoll go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí foinsithe eisiacha agus (3) 'clásail Shasanacha' lena gcuirtear d'oibleagáid ar OEManna tuairisciú do Corning maidir le tairiscintí iomaíocha, agus gan ligean do OEManna glacadh leis an tairiscint sin ach amháin má theipeann ar Corning an praghas a mheaitseáil.

(11) Maidir leis na comhaontuithe le críochnaitheoirí, ba é réamhthuairim an Choimisiúin go ndearna Corning comhaontuithe ina raibh (1) oibleagáidí ceannaigh eisiacha lena gcuirtear d'oibleagáid ar chríochnaitheoirí a n-éileamh ar ghloine d'alúmanaisileacáit alcaileach ar fad, nó geall leis, nó fochineál tábhachtach de ghloine d'alúmanaisileacáit alcaileach, a cheannach ó Corning agus (2) clásail toirmiscthe agóide lena gcuirtear cosc ar chríochnaitheoirí agóid a dhéanamh i gcoinne phaitinní Corning.

4. NA GEALLTANAIS TOSAIGH, AN TÁSTÁIL MARGAIDH AGUS NA GEALLTANAIS DEIRIDH?

(12) Is féidir an achoimre seo leanas a thabhairt ar na Gealltanais Tosaigh atá á dtairiscint ag Corning:

— I gconarthaí reatha le OEManna agus le críochnaitheoirí, geallann Corning na socruithe eisiacha déileála uile a luaitear i míreanna (10) agus (11) thuas a tharscaoileadh. I gconarthaí amach anseo, gheall Corning gan clásail den sórt sin nó clásail chomhchosúla a bhfuil an éifeacht chéanna acu a úsáid. Ina theannta sin, bhí feidhm ag na rialacha seo a leanas:

  (a) Comhaontuithe le OEManna: I ndáil le héileamh LEE na OEManna, ní fhéadann Corning aon cheanglas ceannaigh (i.e. 0 %) ná buntáiste praghais (e.g. lacáistí, lascainí) a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais sin. Maidir le héileamh na OEManna ar fud an domhain, níor cheart do Corning (1) a cheangal ar OEM níos mó ná 50 % dá éileamh comhcheangailte ar chlúdaigh déanta as gloine d'alúmanaisileacáit sóidiam, gloine d'alúmanaisileacáit litiam agus earraí ceirmeacha gloine trédhearcaí a fhoinsiú ó Corning (caidhp fhoriomlán), nó buntáistí praghais maidir le foinsiú a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin; (2) a cheangal ar OEM níos mó ná 50 % dá éileamh ar ghloine d'alúmanaisileacáit litiam a fhoinsiú ó Corning (caidhp gloine d'alúmanaisileacáit litiam), nó buntáistí praghais maidir le foinsiú a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin; nó (3) a cheangal ar OEM níos mó ná 50 % dá éileamh ar earraí ceirmeacha gloine trédhearcaí a fhoinsiú ó Corning (caidhp earraí ceirmeachta gloine trédhearcaí), nó buntáistí praghais maidir le foinsiú a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin.

  (b) Comhaontuithe le críochnaitheoirí: Ní féidir do Corning a cheangal ar chríochnaitheoir níos mó ná 50 % dá éileamh comhcheangailte ar ghloine d'alúmanaisileacáit sóidiam, gloine d'alúmanaisileacáit litiam agus earraí ceirmeachta gloine trédhearcaí a cheannach ó Corning (caidhp fhoriomlán), nó buntáistí praghais maidir le ceannach a chur faoi réir oibleagáide den sórt sin.

— Agus a phaitinní á bhforfheidhmiú aige, gheall Corning (1) agra a dhéanamh i leith sárú paitinne, ach ní i leith sárú conartha agus (2) gan úsáid a bhaint as aon sásra faoi dhlí na gconarthaí (pionóis chonarthacha, foirceannadh luath, damáistí conarthacha etc.) chun a phaitinní a fhorfheidhmiú.

— Gheall Corning go gcuirfeadh sé teachtaireacht mhargaidh ar fáil do OEManna agus do chríochnaitheoirí ina míneofaí ábhar na ngealltanas i mBéarla agus i Mandairínis na Síne.

— Bhí feidhm ag na gealltanais ar fud an domhain ar feadh tréimhse 9 mbliana. Bhí Iontaobhaí Faireacháin neamhspleách le comhlíonadh na ngealltanas a fhíorú agus déanfaidh sé thuairisciú don Choimisiún.

— Gheall Corning gan dul timpeall ar na gealltanais ar bhealach ar bith (clásal frith-imchéimniúcháin).

(13) Ba dhíol sásaimh do fhreagróirí na tástála margaidh aidhm ghinearálta na nGealltanas Tosaigh, is é sin rochtain níos fearr a thabhairt d'iomaitheoirí Corning ar chustaiméirí a cheannaíonn gloine d'alúmanaisileacáit alcaileach. Mar sin féin, shainaithin siad téarmaí agus clásail áirithe freisin ba ghá a mhodhnú chun bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a cheartú agus chun débhríochtaí a sheachaint, téarmaí agus clásail a bhaineann go príomha le raon feidhme na nGealltanas, ról tríú páirtithe i ndíospóidí paitinne, oibleagáidí tuairiscithe Corning agus an clásal frith-imchéimniúcháin.

(14) Mar fhreagairt ar na barúlacha sin, chuir Corning na Gealltanais Deiridh isteach, leis na príomhfheabhsuithe seo a leanas:

— Téarmaí áirithe de na gealltanais a leathnú chun imchéimniú a sheachaint. Áirítear leis an téarma 'comhaontú' sna Gealltanais Deiridh ní hamháin conarthaí foirmiúla ach comhaontuithe neamhfhoirmiúla i scríbhinn agus comhaontuithe ó bhéal freisin. Dá réir sin, cuirtear téarmaí níos leithne amhail 'coinníollacha' nó 'oibleagáidí' in ionad na dtéarmaí 'clásail' agus 'forálacha'. Thairis sin, soiléirítear leis na Gealltanais Deiridh go bhfuil feidhm acu ní hamháin maidir le 'ceanglais chéatadáin', ach chomh maith leis sin, maidir le gealltanais mhéid nó aon oibleagáid ceannaigh eisiach nó dreasacht phraghais eile atá coinníollach ar cheannach eisiach.

— Maidir le hidirghabhálacha ag tríú páirtithe i ndíospóidí paitinne, soiléirítear leis na Gealltanais Deiridh nach gá 'leas' a bheith ag tríú páirtithe chun iarratas a dhéanamh ar idirghabhálacha in imeachtaí eadrána. Thairis sin, féadfaidh an tIontaobhaí Faireacháin fógra a thabhairt ní hamháin do OEManna agus do chríochnaitheoirí ach d'iomaitheoirí freisin faoi aon bhreithiúnas nó dámhachtain chríochnaitheach maidir le bailíocht paitinne.

— Leis na Gealltanais Deiridh, cuirtear d'oibleagáid ar Corning tuarascáil faisnéise margaidh iontaofa agus sonraí maidir lena sheasamh ar an margadh ábhartha a chur ar fáil go rialta don Iontaobhaí Faireacháin. Ina theannta sin, ní hamháin gur féidir le OEManna, críochnaitheoirí nó iomaitheoirí, ach chomh maith leis sin aon tríú páirtí a bhfuil amhras air nár chomhlíonadh na gealltanais gearán a chur faoi bhráid an Iontaobhaí Faireacháin.

— Áirítear leis na Gealltanais Deiridh Iarscríbhinn ina bhfuil nóta lena soiléirítear a thuilleadh an clásal frith-imchéimniúcháin.

5. **CONCLÚID**

(15) Measann an Coimisiún go gcomhlíonann na Gealltanais Deiridh go héifeachtach na hábhair imní maidir le hiomaíocht a aithnítear sa Réamh-Mheasúnú uaidh gan a bheith díréireach. Agus é ag teacht ar an gconclúid sin, chuir an Coimisiún leasanna tríú páirtithe san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a d'fhreagair an tástáil mhargaidh.